# Cosain an Dúlra
# Protect Nature

## Aire a Thabhairt Dár bPáirc Náisiúnta Le Chéile



Páirceanna Náisiúnta
National Parks

# Cosain an Dúlra

Is í an phríomhaidhm atá ag Páirc Náisiúnta ná an dúlra a chosaint. Tá obair chaomhantais fite fuaite le caitheamh aimsire freagrach amuigh. Bí páirteach agus déan cinnte de go mbeidh cuairt speisialta agat trí úsáid a bhaint as an leabhrán seo agus na leide seo a leanas a leanúint.

Déan do chuid oibre don chomhshaol agus cuir an leabhrán seo ar aghaidh chuig cara nó cuairteoir eile chun athúsáid a bhaint as.



# Áit le Foghlaim

Is ceannairí iad na Páirceanna Náisiúnta i dtaca le hOideachas Caomhantais. Is é an aidhm atá againn ná ár gcuairteoirí a spreagadh chun aithne agus suim a chur ar an tírdhreach agus í a chosaint. Is mian linn go dtabharfaidh siad cosaint don bhithéagsúlacht atá le fáil ann chomh maith. Creidimid gur féidir linn iontas agus fiúntas an dúlra a chur ar a súile do dhaoine, idir óg agus aosta, roimh imeacht ón bpáirc náisiúnta dóibh trí chláir foghlama agus oideachais a chur ar siúl dóibh. Coinnigh súil amach dár n-imeachtaí dúlra agus eolas le linn do chuairte agus bíodh dreas comhrá agat lenár dTreoraithe feadh ár gconairí.


REGATTA
GREAT OUTDOORS

# Cuir Ceist Orainn Faoi Conas An Dúlra A Chosaint

Bunaímid gach a ndéanaimid sa pháirc náisiúnta ar an bprionsabal go gcaithfear tús áite a thabhairt don dúlra. Is dlúthchuid dár gcuid oibre gnáthóga a chosaint agus a athshlánú chomh maith le cur ina luí ar pháistí, ar dhéagóirí agus ar dhaoine fásta foghlaim faoinár dtimpeallacht. Cuireann gach ball foirne áit shábháilte, fháilteach agus thaitneamhach ar fáil duit inar féidir leat taiscéalaíocht a dhéanamh agus súp a bhaint as an timpeallacht mórthimpeall ort. Déanann siad oidhreacht an chaisleáin, na ngairdíní agus an tírdhreacha i gcoitinne a chaomhnú agus an meon "cosain an dúlra" mar threoir acu riamh agus choíche. Labhair lenár mbaill foirne le linn do chuairte; is breá linn ár gcuid saineolais agus scéalta faoinár gcuid oibre a roinnt.



# Meas ar Fhiadhúlra

Fan amach ó na Fianna Rua i nGleann Bheatha. Tabhair cead a gcos do na hainmhithe fiáine agus ná druid róghar dóibh agus tú ag iarraidh grianghraif a ghlacadh díobh. Ná déan ainmhithe fiáine a mhealladh riamh le bia do dhaoine.

Is gnáthóg faoi chosaint í Loch Ghleann Bheatha agus éisc neamhchoitianta agus beathra éin le fáil ann. Bain taitneamh as na radhairc mhórthaibhseacha agus tá fáilte romhat grianghraif a ghlacadh, líníochtaí a tharraingt agus físeáin a thaifeadadh ach ná téigh isteach san uisce. Molaimid duit madraí a choinneáil ar éill an t-am ar fad. Is dual d'éin atá ag neadú a gcuid uibheacha a bhreith sna cnoic agus sna limistéir chiúine féir. Déan do dhícheall gan cur isteach orthu agus tú ag dul thar bráid mar sin.



# Féach chuige go mbeidh cuairt thaitneamhach ag gach duine

Is áiteanna iad na Páirceanna Náisiúnta gur minic a fhaigheann daoine síocháin agus suaimhneas iontu. Má dhéanann tú do mhachnamh roimh chuairt a thabhairt ar Ghleann Bheatha, is féidir na hamanna gnóthacha a sheachaint, rud a laghdóidh an cur isteach ar an timpeallacht agus a chinnteoidh go mbeidh cuairt níos taitneamhaí agat.

Cuidíonn fuaimeanna dúlra go mór le meabhairshláinte agus le folláine - bí ag cuimhneamh ar dhaoine eile ar na cosáin nó ina suí ar bhinsí, agus tú ag dul thar bráid.

Géill slí do dhaoine eile a bhfuil giota spás nó am sa bhreis de dhíth orthu. Níl fonn ar gach duine a thagann anseo siúl go tapa nó taisteal i bhfad.



# Téigh ag Siúlóireacht nó ag Rothaíocht ar chonairí seanbhunaithe

Tá cúis lenár gcosáin - tá siad ann chun tú a threorú ar an bhealach is fearr agus is féidir agus lena chinntiú go mbeidh cuairt shábháilte, thaitneamhach agat agus nach gcuirfidh tú isteach ar an dúlra rómhór.

Tá an bheatha ainmhíoch agus phlandúil s'againne leochaileach agus má imíonn tú ó na cosáin, bí cinnte le bheith ag siúl leat go cúramach. Agus na daoine ag teacht ar cuairt anseo ag dul i líonmhaire, teastaíonn uainn an tírdhreach a chosaint ar chreimeadh agus ar dhochar a dhéanamh dó.



# Cuimhnigh ar do bhruscar

Sula dtagann tú ar cuairt chuig Gleann Bheatha, machnaigh faoi cad is gá duit a thabhairt leat i ndáiríre agus tarraing go caol ar aon rud a d'fhéadfadh bruscar a bheith mar thoradh air.

Bain úsáid as na boscaí bruscair agus athchúrsála atá curtha ar fáil againn duit agus, más féidir, tóg do bhruscar abhaile leat.

Déan do shiúlóid agus do chuid spaisteoireachta a phleanáil agus cuir am i leataobh chun cuairt a thabhairt ar an leithreas. Déanann salachar duine amuigh faoin tuath dochar d'ithreacha, d'uiscebhealai, do phlandaí agus d'ainmhithe íogaire.



# Rud nach rithfeadh leat a bheith ar d’fhaichill faoi, b’fhéidir

Bí ar d’fhaichill faoi speicis plandaí lonracha. Is é an planda ***Rhododendron ponticum*** an bhagairt is mó dár dtírdhreach anseo i nGleann Bheatha agus in áiteanna eile in Éirinn leis. Ná bain é agus fainic nach mbeireann tú síolta uaidh leat áit éigin eile i ngan fhios agus iad greamaithe do do bhróga.



# Is cuid den dúlra a chosaint é a thaifeadadh

Tá sé níos tábhachtaí ná riamh taifid a bheith againn ar pé dúlra atá ann agus ar conas atá sé ag athrú. Is é an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta in éineacht leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra a dhéanann an obair seo. An bhfuil a fhios agat gur féidir le haon duine lámh chúnta a thabhairt trí bheith ina 'Eolaí Saoránaigh'? Féadann tú taifead a dhéanamh ar na plandaí agus na hainmhithe a fheiceann tú le linn bheith sa pháirc náisiúnta trí chuairt a thabhairt ar www.biodiversityireland.ie chun tuilleadh eolais a fháil agus taifid a choinneáil do do cheantar agus do phobal áitiúil.

Labhair lenár Maoirseoirí Fiadhúlra nó lenár mbaill foirne oideachais más mian leat tuilleadh a fháil amach faoin obair seo.




Coinnigh an leabharmharc seo mar chuimhneachán ar an lá ar chaith tú i bPáirc Náisiúnta Ghleann Bheatha.

Is Bánóg Uaine í seo. An raibh a fhios agat go bhfuil 23 speiceas d'fhéileacáin le fáil i gContae Dhún na nGall.

Coinnigh an leabharmharc seo mar chuimhneachán ar an lá ar chaith tú i bPáirc Náisiúnta Ghleann Bheatha.

An raibh a fhios agat? Is é Gleann Bheatha an dara Páirc Náisiúnta is mó in Éirinn.